C/2025/5113

22.9.2025

MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 9 Iúil 2025

lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin

(BERS/2025/6)

(C/2025/5113)

TÁ BORD GINEARÁLTA AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ([2]), agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([3]), agus go háirithe Airteagail 458 de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ([4]), agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú leis an gcómhalartacht dheonach.

(2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhalartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([5]) a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin ([6]) a chómhalartú sna Ballstáit eile.

(3) Le Cinneadh Uimh. 79/2019 ó Chomhchoiste LEE ([7]), ionchorpraíodh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Comhaontú LEE) le héifeacht ón 1 Eanáir 2020. Rinneadh Rialachán (AE) 2021/558 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), lenar tugadh isteach leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 145/2024 ó Chomhchoiste LEE ([9]). Tá Rialachán (AE) 2021/558 infheidhme anois san Iorua.

([1]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([2]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1092/oj.
([3]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj.
([4]) OJ C 58, 24.2.2011, lch. 4.
([5]) Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).
([6]) Le pointe (a) de mhír 14 agus le pointe (a) de mhír 14a. d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch foráiltear go dtuigfear go n-áireofar leis na téarmaí 'Ballstá(i)t' agus 'údaráis inniúla', anuas ar a mbrí i dTreoir 2013/36/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Stáit CSTE agus a n-údaráis inniúla, faoi seach.
([7]) Cinneadh Uimh. 79/2019 ó Chomhchoiste LEE an 29 Márta 2019 lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2019/2133] (IO L 321, 12.12.2019, lch. 170, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/2133/oj).
([8]) Rialachán (AE) 2021/558 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar an gcreat urrúsaithe chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19 (IO L 116, 6.4.2021, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/558/oj).
([9]) Cinneadh Uimh. 145/2024 ó Chomhchoiste LEE an 12 Meitheamh 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/2433] (IO L 2433, 3.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2433/oj).

(4) Ón 31 Nollaig 2020 i leith, tá institiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua faoi réir an mhéid seo a leanas: (a) maolán um riosca sistéamach is infheidhme maidir le neamhchosaintí atá lonnaithe san Iorua, arna chur i bhfeidhm ag ráta 4,5 %, de bhun Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE; (b) íosráta 20 % is infheidhme maidir le meánualaí riosca (ualaithe ó thaobh na neamhchosanta) le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa a úsáideann an cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (IRB)); agus (c) íosráta 35 % is infheidhme maidir le meánualaí riosca (ualaithe ó thaobh na neamhchosanta) le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa a úsáideann cur chuige IRB). Tá na bearta sin san áireamh faoi láthair sa liosta de na bearta beartais macrastuamachta a mholtar a chómhalartú faoi Mholadh BERS/2015/2.

(5) An 19 Nollaig 2024, thug Finansdepartementet (Aireacht Airgeadais na hIorua), ag gníomhú dó mar údarás ainmnithe chun críocha Airteagal 458(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fógra do BERS faoi Airteagal 458 den Rialachán sin go raibh sé ar intinn aige an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) síneadh a chur leis an íosráta meánualaigh riosca 20 % is infheidhme maidir le neamhchosaintí réadmhaoine cónaithe de chuid na Iorua go dtí an 30 Meitheamh 2025, agus é a ardú ón 1 Iúil 2025 go 25 %; agus (b) síneadh a chur leis an íosráta 35 % is infheidhme maidir le neamhchosaintí réadmhaoine tráchtála de chuid na Iorua go ceann dhá bhliain tar éis an 31 Nollaig 2024. Tar éis iarraidh ar shoiléirithe a fháil ó BERS, fuarthas leagan nuashonraithe de na fógraí sin an 13 Eanáir 2025. Sna fógraí nuashonraithe freisin iarradh ar BERS leanúint de chómhalartú na mbeart a mholadh, ar bhonn aonair, ar bhonn fo-chomhdhlúite agus ar bhonn comhdhlúite.

(6) I Moladh BERS/2015/2, arna leasú le Moladh BERS/2017/4 ó BERS ([10]), moltar gur cheart don údarás ábhartha a ghníomhachtaíonn beart beartais macrastuamachta, nuair a bhíonn iarraidh ar chómhalartú á cur faoi bhráid BERS aige, uastairseach ábharthachta a mholadh ar faoina bun is féidir a mheas gur neamhchosaint neamhábhartha í neamhchosaint an tsoláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtúcháin an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin. I gcomhréir leis na fógraí a fhaightear, fanann an tairseach ábharthachta le haghaidh chómhalartú an íosráta ualaithe riosca is infheidhme maidir le réadmhaoin chónaithe ag 1 % d'olliasachtú réadmhaoine cónaithe na n-institiúidí do chustaiméirí na hIorua, a chomhfhreagraíonn do NOK 37,8 billiún an 30 Meán Fómhair 2024. Fanann an tairseach ábharthachta le haghaidh chómhalartú an íosráta ualaithe riosca is infheidhme maidir le réadmhaoin chónaithe ag 1 % d'olliasachtú réadmhaoine tráchtála comhthaobhaithe na n-institiúidí do chustaiméirí na hIorua, a chomhfhreagraíonn do NOK 9,3 billiún an 30 Meán Fómhair 2024. Ba cheart feidhm a bheith ag an dá thairseach ábharthachta ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair.

(7) Tar éis do BERS iarraidh a fháil ó Finansdepartementet agus: (a) chun nach dtiocfaidh ann d'éifeachtaí diúltacha trasteorann i bhfoirm sceití agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh tarlú de thoradh chur chun feidhme na mbeart beartais macrastuamachta arna gcur i bhfeidhm san Iorua; agus (b) chun cothroime iomaíochta a chaomhnú i measc institiúidí creidmheasa LEE, chinn Bord Ginearálta BERS leanúint de na bearta sin a áireamh sa liosta de na bearta beartais macrastuamachta a mholtar a chómhalartú faoi Mholadh BERS/2015/2.

(8) Trí chómhalartú na mbeart macrastuamachta arna ngníomhachtú ag údaráis Ballstát eile, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, bíodh na neamhchosaintí lena mbaineann á sealbhú trí bhíthin fochuideachtaí nó brainsí nó iad a bheith mar thoradh ar iasachtú díreach trasteorann, cuirtear teorainn le sceití agus le harbatráiste rialála, téitear i ngleic le rioscaí sistéamacha agus, ar an gcaoi sin, cuirtear éifeachtacht fhoriomlán an bheartais macrastuamachta chun cinn trína áirithiú go dtugtar aghaidh ar rioscaí méadaithe ní hamháin sa Bhallstát a thug isteach an beart macrastuamachta ach freisin i mBallstáit eile ina bhfuil grúpaí baincéireachta neamhchosanta ar na rioscaí méadaithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an aitheantas freisin a áirithiú go mbeidh grúpaí baincéireachta atá neamhchosanta ar na rioscaí sistéamacha sin athléimneach go leor. Dá bhrí sin, maidir le bearta macrastuamachta a eascraíonn as cinneadh aitheantas a thabhairt do bhearta macrastuamachta Ballstát eile, ba cheart iad a chur i bhfeidhm go ginearálta ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair.

([10]) Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

(9) Ní dhéantar, leis an leasú seo ar Mholadh BERS/2015/2, difear do leanúnachas an mholta go gcómhalartófaí na bearta macrastuamachta náisiúnta a ghníomhachtaigh údaráis na hIorua an 31 Nollaig 2020, mar a leagtar amach i Moladh BERS/2023/1 agus i Moladh BERS/2024/7. Baineann na leasuithe reatha ar Mholadh BERS/2015/2 go príomha leis an bhfíoras go ndéantar leibhéal an íosráta ualaithe riosca is infheidhme maidir le neamhchosaintí réadmhaoine cónaithe a choigeartú agus moltar cómhalartacht anois ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite. Dá bhrí sin, níl an idirthréimhse chaighdeánach trí mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* infheidhme ach amháin maidir le bearta, nó leasuithe orthu, a ghlacfaidh na húdaráis náisiúnta chun an dá íosráta ualaithe riosca a chómhalartú, lena n-áirítear an méadú ar an íosráta meánualaigh riosca is infheidhme maidir le neamhchosaintí réadmhaoine cónaithe na hIorua go 25 % ón 1 Iúil 2025, ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

LEASUITHE

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 mar seo a leanas:

(1) in Roinn 1, fomholadh C(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú beart faoin Iorua:

‘— íosráta 20 % le haghaidh meánualaí riosca (ualaithe ó thaobh na neamhchosanta) le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe san Iorua arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar a chuirtear i bhfeidhm é san Iorua go dtí an 30 Meitheamh 2025, agus atá le méadú go híosráta 25 % ón 1 Iúil 2025, ar institiúidí creidmheasa arna n-údarú san Iorua agus a úsáideann an cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (IRB) chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh;

— íosráta 35 % le haghaidh meánualaí riosca (ualaithe ó thaobh na neamhchosanta) le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála atá lonnaithe san Iorua arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar a chuirtear i bhfeidhm é san Iorua, ar institiúidí creidmheasa arna n-údarú san Iorua agus a úsáideann an cur chuige IRB chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh.’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 9 Iúil 2025

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh BERS/2015/2 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú beart faoin Iorua:

'— íosráta 20 % le haghaidh meánualaí riosca (ualaithe ó thaobh na neamhchosanta) le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe san Iorua arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar a chuirtear i bhfeidhm é san Iorua go dtí an 30 Meitheamh 2025, agus atá le méadú go híosráta 25 % ón 1 Iúil 2025, ar institiúidí creidmheasa arna n-údarú san Iorua agus a úsáideann an cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (IRB) chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh;

— íosráta 35 % le haghaidh meánualaí riosca (ualaithe ó thaobh na neamhchosanta) le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála atá lonnaithe san Iorua arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar a chuirtear i bhfeidhm é san Iorua, ar institiúidí creidmheasa arna n-údarú san Iorua agus a úsáideann an cur chuige IRB chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh.';

(2) faoin Iorua, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'I Cur síos ar na bearta:

'I. Cur síos ar na bearta

1. Le héifeacht ón 31 Nollaig 2020, thug Finansdepartementet (Aireacht Airgeadais na hIorua) trí bheart macrastuamachta isteach, eadhon (i) maolán um riosca sistéamach maidir le neamhchosaintí atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE; (II) íosráta ualaigh riosca le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 arna chur i bhfeidhm san Iorua go dtí an 30 Meitheamh 2025, agus atá le méadú go híosráta 25 % ón 1 Iúil 2025; agus (iii) íosráta ualaigh riosca le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála atá lonnaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua.

2. Socraítear an ráta maolánach um riosca sistéamach ag 4,5 % agus tá feidhm aige maidir le neamhchosaintí intíre na n-institiúidí creidmheasa uile atá údaraithe san Iorua, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair.

3. Is ionann beart an íosráta meánualaigh riosca um réadmhaoin chónaithe agus íosráta meánualaigh riosca institiúidsonrach le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe san Iorua, is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa a úsáideann an cur chuige IRB ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair. Baineann an t-íosráta ualaigh riosca réadmhaoine leis an meánualach riosca, ualaithe ó thaobh na neamhchosanta, sa phunann réadmhaoine cónaithe. Ba cheart neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe na hIorua a thuiscint mar neamhchosaintí miondíola arna gcomhthaobhú le maoin dhochorraithe san Iorua.

4. Is ionann beart an íosráta meánualaigh riosca um réadmhaoin tráchtála agus íosráta meánualaigh riosca institiúidsonrach le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála san Iorua, is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa a úsáideann an cur chuige IRB ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair. Baineann an t-íosráta meánualaigh riosca réadmhaoine leis an meánualach riosca, ualaithe ó thaobh na neamhchosanta, sa phunann réadmhaoine tráchtála. Ba cheart neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála na hIorua a thuiscint mar neamhchosaintí corparáideacha arna gcomhthaobhú le maoin dhochorraithe san Iorua.';

(3) faoin Iorua, an roinn dar teideal 'II. Cómhalartú', cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5b:

'5b. Tar éis an iarraidh a fháil ó Finansdepartementet, moltar do na húdaráis ábhartha beart maolánach na hIorua um riosca sistéamach a chómhalartú trína chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, bíodh na neamhchosaintí lena mbaineann á sealbhú trí bhíthin fochuideachtaí nó brainsí, nó iad a bheith mar thoradh ar iasachtú díreach trasteorann.';

(4) faoin Iorua, sa roinn dar teideal 'III. Tairseach ábharthachta', i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) maidir leis an íosráta ualaigh riosca réadmhaoine cónaithe, socraítear an tairseach ábharthachta ag NOK 37,8 billiún, a chomhfhreagraíonn do 1 % d'iasachtú comhlán réadmhaoine cónaithe na n-institiúidí do chustaiméirí na hIorua amhail an 30 Meán Fómhair 2024. Ba cheart an tairseach ábharthachta a mheasúnú ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair. Agus measúnú á dhéanamh uirthi ar bhonn fo-chomhdhlúite nó comhdhlúite, ba cheart na neamhchosaintí uile arna sealbhú trí bhíthin brainsí agus iasachtú díreach trasteorann agus trí bhíthin fochuideachtaí a chur san áireamh i ríomh na neamhchosaintí atá le measúnú in aghaidh na tairsí ábharthachta;

(c) maidir leis an íosráta ualaigh riosca réadmhaoine tráchtála, socraítear an tairseach ábharthachta ag NOK 9,3 billiún, a chomhfhreagraíonn do 1 % den olliasachtú réadmhaoine tráchtála comhthaobhaithe do chustaiméirí na hIorua amhail an 30 Meán Fómhair 2024. Ba cheart an tairseach ábharthachta a mheasúnú ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair. Agus measúnú á dhéanamh uirthi ar bhonn fo-chomhdhlúite nó comhdhlúite, ba cheart na neamhchosaintí uile arna sealbhú trí bhíthin brainsí agus iasachtú díreach trasteorann agus trí bhíthin fochuideachtaí a chur san áireamh i ríomh na neamhchosaintí atá le measúnú in aghaidh na tairsí ábharthachta.'.